

SAORÁNACHT DHIGITEACH AGUS NA MEÁIN



CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ TÁBHACHTACH?

Mairimid i ndomhan atá lán de theicneolaíocht, agus ní mór dúinn glacadh léi seachas iarracht a dhéanamh í a sheachaint. Úsáideann daoine fóin phóca, ríomhairí agus gléasanna eile gach lá anois. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios againn conas an teicneolaíocht a úsáid go sábháilte agus gan í a úsáid ach nuair is gá, seachas ligean di gach rud a dhéanamh dúinn.

NA SAINCHEISTEANNA

Tá daoine ag úsáid aipeanna mar Shein agus Temu níos minice ná margaí áitiúla, siopaí, grúpaí, díolacháin ó bhuataisí gluaisteán agus araile. D'fhéadfadh eagraíochtaí na haipeanna seo a úsáid toisc go bhfuil siad níos saoire i bhfianaise an bhrú maoinithe atá orthu.

Forbairtí digiteacha ag tarlú róthapa

Eagla nach n-éistfear leo

Easpa acmhainní agus deiseanna

Gan dóthain luacha a chur ar na meáin ná ar ghuthanna daoine óga

Contúirtí ar líne

CAD A DÚIRT DAOINE ÓGA?

Fadhb eile ná go bhfuil daoine ag úsáid na teicneolaíochta ar bhealaí nach bhfuil cuí, mar shampla ag brath ar AI le haghaidh ceisteanna simplí, chun íomhánna, pleananna ceardlainne,

póstaeir agus araile a ghiniúint. Táimid ag tosú ar an nós seo a fheiceáil i measc baill foirne i ngrúpaí freisin. Léiríonn sé róspleáchas agus easpa cruthaitheachta maidir leis na hacmhainní agus na hábhair atá againn cheana a úsáid. Mar sin, an réiteach a bheadh ann ná líonrú agus comhoibriú chun níos mó smaointe a ghiniúint?

CAD BA MHAITH LINN GO NDÉANFADH CINNTEOIRÍ

Oideachas éigeantach i saoránacht dhigiteach

Córais rialála a fheabhsú chun tuairimí a chur in iúl

Cuntasacht orthu siúd atá i gcumhacht

Sábháilteacht agus eitic a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

Eagraíochtaí a chur seisiúin agus acmhainní ar fáil faoi shábháilteacht ar líne.

Scoileanna seisiúin éigeantacha a chur ar fáil i saoránacht dhigiteach le linn ranganna – Oideachas Pearsanta agus Sóisialta, tionóil agus ríomhaireacht.

Deiseanna a bheith ann feachtais a reáchtáil agus ábhar a chruthú le daoine óga faoi cheisteanna áirithe nó faoi shábháilteacht dhigiteach.

Ligean do dhaoine óga comhoibriú nó tuairimí a thabhairt agus acmhainní, meáin agus feachtais ar líne á bhforbairt, chun eispéireas níos oiriúnaí don aos óg a sholáthar.